

Céard is aireagóir ann?

Cruthaíonn agus aimsíonn aireagóirí rudaí nua. Déanann siad iarracht fadhbanna a réiteach. Réitigh Joseph ‘Spud’ Murphy an fhadhb a bhain le criospaí a dhéanamh níos spéisiúla trí bhlasóirí criospaí a cheapadh. Oibríonn aireagóirí in go leor áiteanna oibre difriúla, ina measc:

- ▶ saotharlanna taighde
- ▶ a n-áit chónaithe
- ▶ ollscoileanna.

An Phríomhfhoghlaim agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- ▶ Fadhbanna a feiceadh a réiteach.
- ▶ Imscrúduithe a leagan amach agus tátail a bhaint astu chun a thuiscint an réitíonn an méid a cheap siad an fhadhb.



Ba é Joseph ‘Spud’ Murphy an fear a chruthaigh criospaí Tayto. Sular cheap sé blasóirí nua, ní bhíodh ach blas salainn ar chriospaí. Chruthaigh a thurgnaimh cáis agus oinniúin, agus blasóirí eile ina dhiaidh sin.

Gnáth-ábhair


Céard is déantóir bréagán ann?

Dearann agus déanann déantóirí bréagán bréagáin nua. Roghnaíonn siad ábhair go cúramach chun bréagáin a oibríonn i gceart a dhéanamh. Mar shampla, teastaíonn ábhar sínteach i liathróid phreabach agus caithfidh bloicíní a bheith láidir. De ghnáth, oibríonn déantóirí bréagán i:

- ▶ siopaí
- ▶ a n-áit chónaithe
- ▶ dearadh cluichí.

An Phríomhfhoghlaim agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- ▶ Cruthaitheacht nuair atá bréagáin nua á ndearadh, á ndéanamh agus á measúnú.
- ▶ Taighde a dhéanamh le foinsí tánaisteacha chun foghlaim faoin gcaoi le bréagán nua a dhéanamh.



Seo é Arvind Gupta. Is déantóir bréagán as an India é, chomh maith le saineolaí eolaíochta.

Céard is innealtóir struchtúr ann?

Dearann innealtóir struchtúr struchtúir ar nós foirgneamh agus droichead. Úsáideann siad ábhair chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir láidir agus daingean, agus nach dtitfidh siad ná nach mbrisfidh siad. Oibríonn siad in áiteanna difriúla le daoine difriúla, ina measc:

- ▶ ailtirí
- ▶ tógálaithe
- ▶ innealtóirí eile.

An Phríomhfhoghlaim agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- ▶ Go maith ag obair le go leor daoine eile chun struchtúir láidre a dhéanamh.
- ▶ Tátail a bhaint as torthaí agus torthaí a chur in iúl nuair atá siad ag obair le daoine eile.



Seo í Sophie. Is innealtóir struchtúr í in Caerdydd na Breataine Bige.

Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi gnáth-ábhair a úsáid nuair a bheidh tú níos sine?